50 gluaisteáin gan cáin i bParáid Agóide

Ros Duṁaċ, Ceaṫrú Taiḋg ag iarraiḋ a gCearta

Is beag áit a bḟactas 50 caranna gan cáin, in aon áit aṁáin, aċ ḃí sin le feiceáil i gCaisleán an Ḃarraiġ Dé Saṫairn seo caite.

Agóid, agus paráid a ḃí ar siúl ag Muintir na Gaeltaċta ó Ṁuiġeo Ṫuaiḋ, i gcoinniḃ an droċ caoi atá ar na bóiṫre insan ċeantar sin.

Ḃí breis agus 50 feilméaraí agus iascairí ó Ros Duṁaċ, Port Urlainn, agus Ceaṫrú Ṫaiḋg, taréis teaċt 70 míle le gluaiseaċt le ċéile fríd Caisleán an Ḃarraiġ, mar agóid i gcoinniḃ na faillí atá déanta ar Ġaeltaċt Ṁuiġeo Ṫuaiḋ.

Ba iad ionadaiṫe 300 teaġlaċ iad, atá na gcónaí ag Ros Duṁaċ, Port Urlainn agus Ceaṫrú Ṫaiḋg, agus tá siad taréis diúltú den ċáin reaṫa a íoc ar ġluaisteáin, ċun aire do ṫarraingt ar an ġearán atá acu, agus an ḟaillí atá déanta orṫa.

Tá a ngléas beaṫa i mbaol, mar ġeall ar Comairle Condae Ṁuiġeo, ag diúltú deisiú a ḋéanaṁ ar na h-oċt míle bóṫair atá ag ceangailt na sráid-ḃailte seo leis an taoḃ eile den tír.

Dúirt urlaḃraí ṫar ċeann luċt an ṗaráid go raiḃ siad ag braṫ troid go deireaḋ an t-am seo, agus go raiḃ siad ullaṁ le dul go príosún muna dtaḃarfaí freastal ar a n-éileaṁ.

Ḃí sagairt agus doċtúirí ag éileaṁ, agus ḃí C.I.É. ag diúltú a gcuid loraiṫe agus busanna a ċur isteaċ go dtí an ċeantar.

D'ḟág an slua mór gluaisteán an ceantar seo go lua ar maidin Dé Saṫairn ċun dul ċuig oifigí an Ċomairle Condae ag Caisleán an Ḃarraiġ. Ar an ḃealaċ, stop na Gárdaí Síoċána iad, agus glacaḋ ainmneaċa na dtiománaiṫe naċ raiḃ cáin íocṫa acu. Ḃí na sluaiṫe i gCaisleán an Ḃarraiġ nuair a ṫáinig siad agus ṫiomáin siad fríd sráideanna an ḃaile, agus póstéirí móra ar na gluaisteáin as Gaeilge: "Nuair a ḃeiḋ na bóiṫre déanta—íocfar na cánaċa."

Dúirt Anraí Ó Corduiḃ, Cisteoir Ṁuintir na Gaeltaċta go raiḃ na bóiṫre ina ċeantar féin, Ros Duṁaċ, dá ndeisiú anois, aċ go raiḃ faillí dá ḋéanaṁ ar na ceantair eile fós. "Níor íoc muid aon ċáin bóṫar ó Eanair" ar seisean, "agus diúltóiḋ muid é a íoc go dtí go ngeallfar dúinn go ndéanfar rud éigin cinnte." Ḃí muid ag dul ċuig an Ḃainisteoir Condae agus an Innealltóir Condae, aċ ní raiḃ siad ar fáil. Tá easpa caoi ceart ar na bóiṫre ag cur isteaċ go dona ar gléas beaṫa an ṗobail, go h-áiṫrid na hiascairí. Ḋiúltaiġ lorraiṫe éisc teaċt isteaċ leis na lastaí éisc a ṫógáil agus a iompar ċuig na margaiṫe, agus ḃí de ṫoraḋ air seo gur ċaill na hiascairí go trom leis. Ḋiúltaiġ lorraiṫe móna a teaċt isteaċ, agus níl na feilméaraí insan ċeantar anois ináinn buntáiste a ġlacaḋ as scéim an aoil, toisc go gcaiṫear na lastaí lorraiṫe a ḟolmú ag deireaḋ an ḃóṫair tair, atá mílte ar ṡiúl óna sráid-ḃailte.

Dúirt Tomás Ó Beirn, Ceaṫrú Ṫaiḋg, naċ raiḃ siad a' gáḃail a íoc cáin ar biṫ go gcuirfí caoi réasúnta ar na bóiṫre. "Troidfiḋ muid seo ċuile orlaċ den ḃealaċ," ar seisean, agus más gá, tá muid ullaṁ ċun dul i bpríosún. "B'ḟéidir go gceapann siad naċ ḃfuil mórán intleaċt againn nuair atá muid beo i gceantar Fíor-Ġaeltaċta, aċ tá muid ag braṫ seasaṁ ar son ár gcearta," ar seisean.

D'aḋmaiġ Seosaṁ Mac Aoḋgáin, Innealltóir Condae Ṁuiġeo, go raiḃ ḟios aige naċ raiḃ na bóiṫre sa ċondae ċoṁ maiṫ agus ba ċeart dóiḃ a ḃeiṫ, aċ ḃí an coṁairle agus é féin ag déanaṁ a ndíċeall do réir mar a ḃí an scéal. "Níl na bóiṫre insan ċeantar sin níos measa ná i gceantair eile sa ċondae," ar seisean, "agus measaim naċ ḃfuil ceart ag na daoine seo insan gníoṁaíoċt atá ar siúl acu,' ar seisean.

I mBaile Áṫa Cliaṫ, ċuir Muintir Ḃolf Tone rún i bḟeidhm ag déanaṁ tacaoíċt le luċt agóide Iorrais, agus a' rá gur cúis imní dóiḃ an ċaoi a raiḃ faillí dá ḋéanaṁ ar cúrsaí geilleagraċ agus soisialta ins na ceantair Gaeltaċta, agus a' ḋéanaṁ tacaíoċt le moltaí an Ċoimisiún 'Um Aṫḃeoċana na Gaeilge, sa ṁéid agus gur leag siad béim ar an riaċtanas a ḃí ann, go gcuirfí bunús geilleagraċ faoi ċúrsaí na Gaeltaċta agus ag glaoċ ar Aire na Gaeltaċta, glacaḋ go h-iomlán le éileaṁ ṁuintir Iorrais, Ros Duṁaċ, de ṫairḃe coṫaḃáil agus feaḃsú na mbóiṫre.

CARNA

Tá tionscail nua ar siúl i gCarna. Ag déanaṁ máirtíní. Aċ ní máirtíní mar a ḃíoḋ ar daoine san tsean am, máirtíní cniotáilte, aċ máirtíní leaṫair. Ċeana féin, tá seaċt n-ionad bunaiṫe insan ṗaráiste, agus tugtar amaċ an leaṫar ó seo agus coṁairle agus treoir ar an ċaoi lena ḋéanaṁ. Is féidir an obair a ḋéanaṁ sa ḃaile ansin, agus íoctar iad as gaċ peire máirtíní a níteár mar seo.

...Tá an obair réitiṫe ar an ionad gluaisteán nua i gCloċ na Rón, a rinne an Coṁairle Condae. Tá an áit go maisiúil agus coirnéal ann do ḃláṫanna agus tomanna. Is cinnte, ċoṁ maiṫ le é ḋéanaṁ éasca do na gluaisteáin, go gcuirfiḋ sé maise ar an mbaile féin.

An Gárda S. Ó Diomsaiġ, An Cloċán, a fuair an ċéad dá ḃradán a beireaḋ orṫa an séasúr seo. Ḃeir sé ar an dá ḃradán ag Béal an Áṫa Ḃuí, ceann acu 7 bpunt, agus an ceann eile 5½ punt.

Dé Doṁnaiġ seo ċaite, ċuaiġ Cabaret Ċarna go Inis, áit a dtug siad léiriú de na hamráin traidisiúnta ar an sean-nós, daṁsa agus gléas ceoil, do luċt éisteaċta an ṁór, a ṫug éisteaċt an ṁaiṫ dóiḃ. Cé naċ ḃfuil sé ró ḟada ó bunaíoḋ an grúpa seo, tá clú mór orṫa ċeana féin, de ṫairḃe an ceol ar an tsean nós agus an daṁsa. Agus tá árdċaiġdeán ina gcuid léiriúċáin. Fuair siad cuireaḋ dul go dtí cuid ṁór áiteaċa fríd Éirinn, ⁊ beiḋ siad ag dul go Luimneaċ gan mórán moille.

Ḃuaiġ an Cloċán ar Cloċ na Rón in léig na sóisear Dé Doṁnaiġ, le scór 1-8 i gcoinniḃ 1-7. Seán Ó Neaċtain a ḃí mar ṁoltóir.

Gaeltaċt Glascú agus 'Gaeilge' Áṫa Cliaṫ

Smaointe fa ṡaḃail Gaeilge agus Gaeltaċta

"Ṫáinig sé in mo ċeann gur ṁór an trua naċ ḃfeicfeaḋ luċt roinn na Gaeltaċta agus Coṁḋáil Náisiúnta na Gaeilge, an cruinniú a ḃí i nGlascú Lá Ḟeil' Ṗádraig agus iad ag éisteaċt leis an Aṫair Mac Eiteagáin, S.P., ag taḃairt seanmóir Gaeilge do ós cionn 1,100 daoine," a scríoḃas fear as Glascú ċugainn.

"Ba ansin a ṫuigfeaḋ siad gurḃ í an Ġaeltaċt croí lár na Gaeilge agus naċ ḃfuil ann aċ dearg amaidí a ḃeiṫ ag caint fá aṫḃeoċaint amaċ as Baile Áṫa Cliaṫ."

Aċ, sé an trua é go ḃfuil an Ġaeltaċt ar ṡiúl. Ní hé go ḃfuil sí ag imeaċt, aċ go ḃfuil sí ar ṡiúl, agussan lá inniu, tá níos mó den Ġaeltaċt taoḃ ṫall den uisce, ná tá aḃus. Agus tá an Ġaeilg ag an ṗobal a ċuaiġ anonn, aċ, mó léan géar, níl sí ag a gcuid páistí.

Tá cuid acu ceart go leor, a ḃfuil tine na Gaeilge istiġ ionntu féin, agus a ṫug Gaeilge dá gcuid páistí, aċ ní ṫig leo a ḃeiṫ ag measċaḋ le páistí na hAlban agus na Breataine, gan teanga na Sasana a ḃeiṫ mar gnáṫeanga acu. "Tá an croí briste istiġ inar gcliaḃ," adúirt fear aṁáin, agus mé ag caint leis, "go bḟeiciḋ muid ár gcuid páistí ag éirí aníos ina Sasanaiġ beaga. Aċ, goidé an ṁaiṫ dúinn a ḃeiṫ ag caint. Seo mar b'éigin dúinn ár leaba a ḋéanaṁ, agus seo mar a ċaiṫfiḋ muid coḋla inntí."

"Aċ, sé an ċuid is measa den scéal a ḃeiṫ ag éisteaċt le fádálaí ag caint ins na páipéir Éireannaċa i mBaile Áṫa Cliaṫ agus in áiteaċa eile, fán dóiġ a ḃfuil an Ġaeilge ag dul ċun cinn, agus gan iad ábálta trí ḟocal Gaeilge a ċur le ċéile. Ḃí níos mó Gaeilge insan teaċ pobail sin, Naoṁ Eoin, i nGlascú, Lá Ḟeil' Pádraig, ná ḃí in iomlán Ḃaile Áṫa Cliaṫ agus b'ḟéidir, cúpla caṫair eile a ċur isteaċ leis."

Coiṁtionóil mór

Níl aċ dóiġ aṁáin le Gaeilge a ṡáḃáil — coiṁtionóil daoine a ḃéas mór go leor leis an Gaeilge a ḃeiṫ acu ó ṁaidin go h-oíċe agus ó Luan go Saṫarn, a ḋéanaṁ de na h-áiteaċa atá fágṫa mar Ġaeltaċt. Agus níl áiteaċa ar biṫ fágṫa coṁ maiṫ le Dún na nGall féin. Dá mbeaḋ an píosa beag taoḃ ṫíos den Ċloċán Liaṫ, ó sin go Ailt an Ċorráin, glanta ar ṡiúl agus Gaeilgeoirí curṫa ina áit, ḃeaḋ taoḃ tíre mór leaṫan, a dtiocfaḋ le daoine a ḃeiṫ beo agus Gaeilge acu go nádúrṫa mar an teanga s'acu féin, agus ba as sin a ṫiocfaḋ sáḃáilt na Gaeilge don tír. Ní ṫiocfaiḋ sé as píosaí beaga mar atá ṫuas fá Ġleanncolmcille nó fá Ros Goill, ná suas an tír i gCorcaí nó i gCiarraí. Tiocfaḋ sé as taoḃ mór tíre a dtig le daoine a dteanga féin a ḃeiṫ acu mar gnáṫeanga ar feaḋ an lae.

Reiḋ le pilleaḋ

Tá sin le fáil go foill i nDún na nGall, agus dá dtéigṫí ina ċionn, ba ioma duine de na mílte atá anseo ina gcónaí i nGlascú a ḃéarfaḋ báḋ Doire orṫa féin ar maidin, dá síleaḋ siad go mbeaḋ cineál ar biṫ oibre le fáil insan ḃaile. Goidé tá ann aċ caint, agus tuilleaḋ cainte. páipéirí bána agus páipéirí duḃa agus gan a ḃaṫ ar biṫ a ḃéarfaḋ obair dúinne sa ḃaile, dá mbeaḋ muid réiḋ le dul—rud atá. Sin é croí na ceiste. Obair a ḃeiṫ ar fáil dúinn i nDún na nGall, ⁊ ní ḃeaḋ cuid againn i bḟ... ar pilleaḋ, dá mbeaḋ sin le fáil.

Fanaid

Coṁġáirdeas le Caitlín M. Ní Loċraiġ, Ceaṫrú Caol, a fuair an diploma in eolaíoċt tís, i Scoil Naoṁ Caitríona do Ṫíos, Cnoc Sion, Baile Áṫa Cliaṫ taréis cúrsa trí-ḃliana traenála. Tá sí anois ag teagasc in Coláiste Ṁuire, Scoil Ioir-Ṁeanaċ, An Creagán, Doire.

Coṁġáirdeas le Rita Nic Diarmada, iníon do Ḃean Ṁic Diarmada, agus Séamas Mac Diarmada, naċ maireann, Baile Ċiaráin, agus Máiréad Nic Coṁaill, iníon do Séamas Mac Coṁail, ⁊ a ḃean, Garland, atá taréis pas do ḟáil insan scrúdú deireannaċ in Banaltraċt in Ospidéal Naoṁ Conaill, Leitir Ceanainn.

Ḃí aonaċ mór an ṁí seo caite ag Ceaṫrú Caol, agus ḃí cuid ṁaiṫ eallaċ ar tairiscint, agus na luaċa árd go maiṫ orṫa. Ba ionlaoiġ £65; ba bainne ó £62-£70; dara grád £45-£50; eallaċ stór dá ḃliain agus trí-ḃliana ó £65 suas; gaṁna bliana ó £35-£40; banḃáin ó £4 suas.

Cúis bróin sa ċeantar bás Ṗádraig Ṁic an tSaoir, Baile na Brocaiġ, Baile Lár. Ċuaiġ an tórraṁ go reiliġ Naoṁ Ṁuire, Ceanndroma, áit ar ḋúirt an tAṫair Ó Colm, Aifreann na Marḃ, agus na paidreaċa ag an uaiġ.

Tuar Ṁic Éide

Tá ċuile ḋuine buarṫa naċ ḃfuair Seosaṁ Ó Maolrúnaí, ainmniúċán Fianna Fáil, don triú suíoċán insan toġċán do Ṁuiġeo Ṫeas. Ag an coṁḋáil do Ṁuiġeo Ṫeas i gCaisleán an Ḃarraiġ ḃuaiġ Seán S. Ó Caṫáin, Clár Ċluinne Ṁuiris, ar an Uasal Ó Maolrúnaí.

Éadan Anfa

Coṁġáirdeas le Caṫal P. Caimbéal, Cnoc an Airgid, a ḃuaiġ an duais £100 ag an cluiċe mór faoi ċoimirce Fianna Fáil insan Butt Hall, i mBealaċ Féiċ. Rinne sé an rud céanna in 1964. Gan dabt ar biṫ, tá sé ar an Ċearrḃaċ is fearr san taoḃ tíre seo.

Gleann Colmcille

Is cosúil go dtugann bunaḋ Ġleanncolmcille saol fada leo fiú aṁáin ṫar sáile. Tá fear as An Ḃráid, Gleanncolmcille, Aoḋ Ó Gara, ina ċónaí ag Maple Ave. Cobington, Ḃirginia, indiaiḋ lá breiṫe a ċeiliúraḋ, agus é 101 bliana da'ois. Sé an duine is sine é de 12 de ṫeaġlaċ, agus tá beirt eile beo fós, Róise Ḃean Uí Ḃeirn, Mín na Cróise, Gleanncolmcille, agus Eiḃlín Uí Ficín, Pointe Luaċras, Árd a' Ráṫa. Rugaḋ an tUasal Ó Gara ar an 22ú Feaḃra, 1864, ag Bráid, Gleanncolmcille, agus ċuaiġ sé go Meiriceá in aois a 25 bliana, in 1889.

An Carraiġ

Cúis bróin sa ċeantar, bás Éamon Ó Cuinneagáin, iar-O.S., An Ċarraiġ. Ċuaiġ sé ar pinsean ó scoil Ċaisil, Gleannċolmcille, i ndeireaḋ Meiṫiṁ, 1961, tar-éis a ḃeiṫ 36 bliana ansin. Ḃí sé ar ḋuine de ṁúinteoirí agus Gaeilgeoirí cliúteaċa Ḋún na nGall, a raiḃ grá mór doiṁin aige do gaċ rud Gaelaċ agus náisiúnta. Ḃí sé na ḃall bunaiġ de Ċoṁairle Paráiste na Carraige, in 1939. Mac ab ea é do Conall Ó Cuinneagáin agus a ḃean, múinteoirí an ḃeirt acu, i Mín an Aoḃaire, agus dearṫár don Aṫair Concuḃar Ó Cuinneagáin, S.P., Gleann Finne, agus an tAṫair Míċeál Ó Cuinneagáin, S.C., a fuair bás in Lúnasa, 1958. Nia dó isea an tAṫair C. Ó Cuinneagáin, S.C., Anagaire. Ċuaiġ tórraṁ mór leis go Teaċ Pobail Naoṁ Columba, áit ar ḋúirt an tAṫair C. Ó Cuinneagáin, S.C., Anagaire, Aifreann na Marḃ, agus na paidreaċa ag an uaiġ ċoṁ maiṫ. Níṫear coṁḃrón lena ḃaintreaċ Máire Ní Ċuinneagáin, le Con Ó Cuinneagáin, B.E., Áṫa Cliaṫ, Caṫal agus Éamon, i gCeanada, Ríta Ḃean Ṁic Niocáil, B.A., Áṫa Cliaṫ, Máire Ḃean Uí Ċonċuḃair, O.S., Gréignamánaċ, iníonaċa. Agus leis na gaolta uile.

Coṁċoiste Ċonamara

Ag cruinniú de coṁ-ċoiste na gcoistí forḃarṫa, ag Crosaire an Ṁáma, deireaḋ na seaċtaine seo caite, pléaḋ ceist ceangal le coistí forḃarṫa paráiste fríd iomlán condae na Gaillimhe, le grúpa láidir aṁáin a ḋéanaṁ fá ċoinne cosaint an Iarṫar. Aċ, toisc gur Gaeltaċtaí a ḃí i gceist innan ċoiste ag Crosaire an Ṁáma, níor cinneaḋ ar aon rud do ḋéanaṁ, lasmuiġ den Ġaeltaċt.

Rátaí ró-árd

Tá rátaí na Gaillimhe suas 6s. sa £ i mbliana go dtí an ráta is airde ariaṁ go foill — 74s. 2¼d. Ḃí an Bainisteoir Condae ag iarraiḋ ráta de 74s. 7½d. Caṫaoirleaċ an Ċoṁairle, Míċeál Mac Cárrṫaiġ, a ṁol, agus an Seanadóir Marcus Mac Giolla Liaṫ, a d'aontaiġ fá'n ráta, agus d'aontaiġ an Coṁairle leis.

Coláiste Teicneolaíoċta do Ṁuiġeo

Tá Coiste Gairm-Oideaċais Ṁuiġeo ċun a iarraiḋ ar an Aire Oideaċais, féaċaint le Coláiste Réagúnaċ Teicneolaíoċta ḃunú i gCo. Ṁuiġeo. Socraíoḋ é sin ar ṁolaḋ ó Sean F. Cahill agus D. Lyons ag caḃrú leis, ag an cruinniú deireannaċ. Dúirt siad gur ṁór an buntáiste don Iarṫar a ḃeaḋ i gColáiste Teicneolaíoċta mar seo.